# Páirc na Bealtaine

## Rian Súl Mata

## (Páistí níos sine agus daoine fåsta)

**Tabharfaidh Mattie treoir duit agus tú ag siúl tríd an pháirc!**
Tosnaíonn an rian seo gar don gheata coisithe chuig Páirc na Bealtaine ar Ascal Killester.




*Ní ghlacann iad siúd a chruthaigh an Chonair Mhata seo aon fhreagracht ná aon dliteanas i leith aon éileamh, aon chailliúint, aon ghortú ná aon mhíchaoithiúlacht a bhaineann leis an gConair Mhata seo a leanúint. Is ar do phriacal féin a bhaineann tú úsáid as an gConair Mhata seo.*

***Rian Súl Mata (Páistí níos sine agus daoine fásta)***

## Tosnaigh ar do Rian Mata

| *Station* | *Prompts* |
|---|---|
| *1* | **Déan meastachán ar airde na gcrann caol ard.** |

| | |
|---|---|
| 2 | a. An féidir leat líon na bplancanna flannbhuí sa bhfál thart timpeall ar na páirce/cúirte uile-aimsire a áireaigh go tapa? Conas a rinne tú é?<br><br>b. Déan tomhaisí na páirce/cúirte uile-aimsire a mheas. Conas a rinne tú é? |
| 3 | a. An bhfuil líon na crann sa tortán corr nó cothrom? An bhfuil an uimhir príomha?<br><br>b. Déan meastachán ar an difríocht idir imlínte stocanna an chrainn is mó agus an chrainn is lú sa tortán chrainn seo. |
| 4 | a. Cé mhéad ama níos faide a fhannan ma soilse ar ghlas don phríomh bóthar ná do na taobh bhóithre?<br><br>b. An mbeidh sraitheog na soilse mar an gcéanna I gcónaí don acomhal seo? |

| | |
|---|---|
| 5 | Taobh istigh de dhá nóiméad:<br>a. Cé mhéad feiithicil a bhfuil níos mó ná aon áititheoir amháin acu?<br><br>b. Déan meastachán ar cóimheas na bhfeithiclí a thaisteallaíonn suas an bóthar I gcoinne síos. An mar seo a bheidh sé ar feadh an lae? Murach é, cén fá nach é? |
| 6 | Ainmnigh na cruthanna 2-T agus 3-T go léir gur féidir leat a fheiceáil sa bhinse agus sa bhfál taobh thiar de (tá go leor!). |
| 7 | a. Cé mhéad de na crainn bheaga taobh leis an gcosán ata ingearach?<br><br>b. An bhfuil na soilse go léir ingearach?<br><br>c. An féidir leat an fad iomlán ón gcéad chrann go dtí an crann deireanach sa tsraith seo de chrainn a mheas? Conas a rinne tú é? |

| | |
|---|---|
| 8 | a. An ndéanann an cosán an pháirc a dhéroinnt?<br><br>b. Déan meastachán ar líon na gcineálacha éagsúla crainn a fheiceann tú sa pháirc. |
| 9 | a. An bhfeiceann tú patrún sna simléir sna bloic tithe a fheictear duit os coinne na páirce? Céard é?<br><br>b. Déan meastachán ar cóimheas na bhfeithiclí a thaisteallaíonn suas an bóthar l gcoinne síos.<br><br>c. Conas a rinne tú é? |
| 10 | a. Cé mhéad leathciorcail a fheiceann tú sa chlós súgartha?<br>b. An bhfuil na sleamhnáin go léir ag dul leis an bhfán céanna?<br>c. An é an fráma dreapadóireachta an rud is airde sa chlós súgartha? An bhfuil tú cinnte? |

| | |
|---|---|
| 11 | a. Ainmnigh na cruthanna 3-T go léir sa chlós súgartha.<br><br>b. Déan meastachán ar líon na leathciorcail a fheiceann tú sa bhfál thart timpeall ar an gclós súgartha. Conas a rinne tú é? |
| 12 | a. Cad iad na litreacha ar comhartha an chlub atá siméadrach?<br><br>b. Cén litir ag a bhfuil an siméadracht is mó?<br><br>c. Cé acu is mó ar an gcomhartha guta nó consain? |

Tá an rian déanta agat, tá súil ag Mattie gur bhain tú spraoi as!!

**Notaí do dhaoine fásta (múinteoirí/teagascóirí/ tuismitheoirí) ag cabhrú le daoine ar an rian:**

- Is é an príomh smaoineamh leis an rian mata seo, nå gur féidir le gach uile duine atá á úsáid, mothú a beith páirteach, agus muinín a fháil as iarracht a dhéanamh freagraí a thabhairt ar na ceisteanna. Is

féidir níos mó ná aon tuaraim/freagra amháin a bheith ann agus is féidir cuid den fhoghlaim is fear a dhéanamh nuair a dhéantar níos mó ná aon tuaraim amháin a mhead agus a phlé.

- Gníomhaíochtaí síneadh féideartha tar éis an rian mata a dhéanamh:

1. Déan iarracht gach aon ceist ar an rian a rangú I gceann de na 4 catagóir seo:
**Cainníocht agus Uimhir; Cruth agus Spás; Patrún agus Caidrimh, Sonraí agus Seans.**

2. Déan iarracht a gcuid ceisteanna rian mata a chumadh, ag baint úsáis as na bpost atá ann cheanna.

- Más mian leat breis eolas a fháil faoi do chuid Shúile Mata a úsáid téigh, le do thoil, chuigt http://www.haveyougotmathseyes.com/